Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2018
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0070 (COD)

9383/18
ADD 1

SOC 398
EMPL 248
COMPET 367
MI 396
JUSTCIV 149
CODEC 867

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar **(an chéad léamh)**<br>- An gníomh reachtach a ghlacadh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Leagtar síos in Airteagal 3(7), an dara fomhír, de Threoir 96/71/CE, arna leasú leis an Treoir a glacadh inniu, go measfar gur cuid de luach saothair iad na liúntais a bhainfidh go sonrach leis an bpostú, mura n-íoctar iad mar chuid d'aisíoc caiteachais a tabhaíodh go hiarbhír mar gheall ar an bpostú, amhail caiteachas ar thaisteal, ar chothabháil agus ar lóistín. Forálann sé freisin maidir leis seo a leanas: "déanfaidh an fostóir, gan dochar do phointe (h) den chéad fhomhír de mhír 1, an t-oibriú ar postú a aisíoc as an gcaiteachas sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas is infheidhme maidir leis an gcaidreamh fostaíochta."

Tuigeann an Coimisiún gurb é atá sa "dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas is infheidhme maidir leis an gcaidreamh fostaíochta" i bprionsabal ná an dlí náisiúnta agus/nó an cleachtas sa Bhallstát baile, mura sonraítear a mhalairt i gcomhréir le rialacha AE maidir leis an dlí príobháideach idirnáisiúnta. I bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte i gCás C-396/13 (mír 59), cumhdaíonn aisíoc freisin an cás ina nglanfadh an fostóir costais na n-oibrithe gan na hoibrithe na costais sin a íoc ar an gcéad dul síos agus iad a lorg ar ais.

Tugann an Coimisiún dá aire go meastar, toisc go bhfuil an t-iompar idirnáisiúnta de bhóthar ina obair atá fíorshoghluaiste ina cineál, nach mbeidh feidhm ag an Treoir arna glacadh inniu maidir leis an earnáil sin ach ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/CE maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an gníomh a ghlacadh go pras chun na rialacha a chur in oiriúint do riachtanais shonracha oibrithe ar postú san earnáil agus a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach iompair de bhóthar go cuí.

Go dtí dáta chur i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh earnáilsonraigh, fanfaidh Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE i bhfeidhm i leith an iompair de bhóthar. Níl feidhm ag na gníomhartha reachtacha seo i ndáil le hoibríochtaí iompair de bhóthar nach postú iad.

Leanfaidh an Coimisiún leis an dlúthfhaireachán ar fhorfheidhmiú cuí na rialacha reatha go háirithe in earnáil an iompair de bhóthar agus i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé beart.

**Ráiteas ón gCróit, ón Laitvia agus ón Liotuáin**

Tacaíonn an Chróit, an Laitvia agus an Liotuáin leis an aidhm feabhas a chur ar chás na n-oibrithe postáilte. Ach in ainneoin roinnt feabhsuithe atá curtha san áireamh anois sa *Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar*, measaimid nach bhfuil an chothromaíocht ceart bainte amach sa téacs idir cosaint na n-oibrithe agus an tsaoirse seirbhísí a chur ar fáil.

Chomh maith leis na buarthaí atá curtha in iúl sa ráiteas a ghabhann le *miontuairiscí an 3569ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (***Fostaíocht, Beartas Sóisialta,** *Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí) a bhí ar siúl i Lucsamburg ar an 23 Deireadh Fómhair 2017,* ar choincheap an luacha saothair, an tionchar ar iomaíochas agus iarmhairtí díobhálacha féideartha an togra seo, creidimid go bhfuil roinnt forálacha sa téacs comhréitigh a rinneadh le Parlaimint na hEorpa a sháraíonn scóip na Treorach agus iad ag cruthú éiginnteacht dhlíthiúil, agus d'fhéadfadh srian ar shaoirse seirbhísí trasteorann a sholáthar san Aontas Eorpach a bheith mar thoradh air sin.

Cibé ar bith, táimid den tuairim nach n-aithníonn an tréimhse trasuímh dhá bhliain gan idirthréimhse cheart na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le dul in oiriúint do shraith rialacha atá nua ar an mórchuid, go háirithe i gcás FBManna.

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice, ón tSlóvaic agus ón bPortaingéil**

D'aithin an Chomhairle EPSCO ina cur chuige ginearálta a baineadh amach i nDeireadh Fómhair 2017, go raibh go leor ama ag teastáil chun go bhféadfadh cuideachtaí (go háirithe FBManna) dul in oiriúint do na rialacha nua le haghaidh oibrithe postaithe (go háirithe i leith an choincheapa nua a tugadh isteach maidir le luach saothair) agus chomhaontaigh siad 4 bliana d'infheidhmeacht iarchurtha maidir leis an Treoir leasaithe. Ghlac an Coimisiún Eorpach leis sin chomh maith.

Agus muid feasach ar na lámhaltais a rinne na comhreachtóirí le linn na caibidlíochta, is cúis aiféala dúinn é go raibh sé mar thoradh ar an gcomhréiteach deireanach a baineadh amach sna cruinnithe tríthaobhacha go ndearnadh laghdú suntasach ar thréimhse na hinfheidhmitheachta iarchurtha go dhá bhliain, rud a fhágann gurb ionann í agus tréimhse trasuímh na Treorach.

Ina leith seo, tá Poblacht na Seice, an tSlóvaic agus an Phortaingéil ag iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach breithniú iomchuí a dhéanamh ar an tosca seo (agus ar chastacht na gceisteanna a bhfuil sé i gceist ag an athbhreithniú seo a thabhairt isteach) nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh an bhfuil na rialacha nua ar phostú oibrithe á leanúint agus an bhfuiltear ag cloí leo agus cé na smachtbhannaí atá réasúnta, go háirithe sa tréimhse thosaigh tar éis don Treoir athbhreithnithe teacht in éifeacht in 2020.

**Ráiteas ón Ungáir agus ón bPolainn**

Táimid tiomanta oibrithe a chosaint, dul i ngleic le calaois agus cásanna mí-úsáide, agus cosaint a dhéanamh ar shláine an Mhargaidh Inmheánaigh. Maidir le Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (ina dhiaidh seo: Treoir 96/71/CE) measaimid gur chruthaigh sé cothromaíocht fhíneálta idir cosaint na n-oibrithe agus an tsaoirse seirbhísí a chur ar fáil. Tá aiféala orainn gur beartaíodh modhnú na Treorach sin sula bhféadfaí éifeachtaí chur chun feidhme na Treorach Forfheidhmiúcháin (2014/67/EU[1]) a bhainfeadh léi a fheiceáil.

Táimid den tuairim go gcuirfidh leasú Threoir 06/71/CE srian ar an tsaoirse seirbhísí a sholáthar, ar bhealach nach bhfuil údar léi agus atá díréireach. Seachas bheith mar ionstraim chosanta do na hoibrithe, is é is dóichí go mbeidh sí ina ionstraim do bhearta cosantaíocha. Is é is dóichí go bhfágfaidh sé institiúid dhlíthiúil an phostaithe féin gan bhrí agus go ndéanfaidh sé fíordhochar d'iomaíochas an Aontais ina iomláine.

Táimid buartha chomh maith faoin éiginnteacht dlíthiúil a bhaineann le roinnt forálacha. Rachfar i bhfeidhm go diúltach go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) mar gheall ar an éiginnteacht dhlíthiúil agus an t-ualach riaracháin méadaithe. Ní chuireann an idirthréimhse dhá bhliain go leor ama ar fáil le dul in oiriúint do na rialacha nua, go háirithe i gcás FBManna.

Is é an seasamh atá againn gur chóir caitheamh leis an leasú ar Threoir 96/71/CE agus leis an togra ar leith maidir le rialacha speisialta ar phostú a leagan síos in earnáil an iompair de bhóthar (*lex specialis*) mar phacáiste. Tá an chaibidlíocht maidir leis an *lex specialis* ar siúl go fóill; dá bharr sin, ní féidir glacadh leis an leasú ar Threoir 96/71/CE mar théacs cothromaithe de réir an tsainmhínithe atá air sin. Cé nach bhfuil cead ach ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dlí an Aontais a léirmhíniú, mar sin féin, táimid den tuairim nach dócha go gcuirfear na rialacha reatha postaithe i bhfeidhm in earnáil an iompair de bhóthar. Tuigtear dúinn nach mbeidh aon tionchar ag an leasú ar Threoir 96/71/CE ar an léirmhíniú dlíthiúil seo ach an oiread.

---

[1] Treoir 2014/67/AE maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/EC maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh